C/2026/2967

28.5.2026

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Bealtaine 2026

lena gceaptar comhalta den Bhord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach

(C/2026/2967)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh Uimh. 235/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 lena mbunaítear an Bord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach [1], agus go háirithe Airteagal 3 de,

Ag féachaint don tuairim ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh uaithi an 2 Márta 2023 [2], cheap an Chomhairle Juan Manuel RODRIGUEZ POO ina chomhalta den Bhord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach ('an Bord') le haghaidh téarma oifige 3 bliana.

(2) Chuaigh téarma oifige Rodriguez Poo in éag an 8 Márta 2026.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 3(4) de Chinneadh Uimh. 235/2008/CE, is féidir téarma oifige chomhalta den Bhord a athnuachan aon uair amháin.

(4) Chuir Rodriguez Poo in iúl go bhfuil sé toilteanach fónamh ar feadh téarma oifige athnuaite.

(5) Luaitear in Airteagal 3(2) de Chinneadh Uimh. 235/2008/CE go roghnófar comhaltaí an Bhoird as measc saineolaithe a mbeidh sár-inniúlacht acu i réimse an staidrimh.

(6) Chun leanúnachas riaracháin a áirithiú agus ionas go mbeidh aistriú réidh ann idir na téarmaí oifige, ba cheart tús a chur leis an dara téarma oifige 3 bliana an 9 Márta 2026. Ba cheart, dá bhrí sin, an Cinneadh seo a thabhairt i bhfeidhm ar bhonn práinne, agus ba cheart feidhm a bheith aige ón dáta sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Juan Manuel RODRIGUEZ POO ina chomhalta, thar ceann na Comhairle, den Bhord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach don dara téarma oifige 3 bliana ón 9 Márta 2026.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Bealtaine 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. DAMIANOS

[1] IO L 73, 15.3.2008, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2008/235/oj.

[2] Cinneadh ón gComhairle an 2 Márta 2023 lena gceaptar comhalta den Bhord Comhairleach um Rialachas Staitistiúil Eorpach (IO C 82, 6.3.2023, lch. 1).